# Ceacht 8
## Taisceadán Todhchaí

2022
2122




## An nasc atá aige seo leis an gcuraclam: Snáithe 3: An Daonlathas a Iniúchadh

## Táscairí Folláine: Nasctha/Acmhainneach/Feasach

**Torthaí Foghlama: 1.1. 2.1, 3.1 ag brath ar an snáithe**

- Pléigh a bhfuil i gceist le bheith i do dhuine daonna agus maireachtáil i bpobal ina bh-fuil cearta agus freagrachtaí agat (1.1)
- Déan cumarsáid maidir leis an gcaoi a bhfuil siad ceangailte le, agus ag brath ar, éiceachórais, daoine agus áiteanna, ó chian agus ó chóngar (2.1)
- Cruthaigh léiriú amhairc de na comhthéacsanna agus na hinstitiúidí sa lá atá inniu ann lena mbaineann siad, ag aibhsiú cá bhfuil cumhacht agus tionchar acu (3.1)

Mínigh go bhfuil taisceadán todhchaí san áireamh san fhoirm dhaonáirimh i 2022, don chéad uair riamh. Is réimse 'téacs saor in aisce' é seo ag deireadh na foirme Daonáirimh inar féidir le clanna/daoine aonair/teaghlaigh, más mian leo, a dteachtaireacht phearsanta féin a scríobh, faoi aon ábhar a roghnaíonn siad. Beidh na cosaintí rúndachta céanna aige seo agus ag do shonraí daonáirimh eile go léir. Ní chuirfear an fhaisnéis a bhaileofar sa chuid seo ar fáil don phobal ach i gceann 100 bliain.


**Time Capsule:**
Information you provide in this Time Capsule is optional and is collected voluntarily under Section 24 of the Statistics Act 1993. This content is protected by the same confidentiality protections as all your Census data for 100 years. After 100 years, this Time Capsule will be made available to the public. **This space is for handwritten messages only. Photographs or other attachments will be removed and cannot be returned.**

Iarr ar na déagóirí machnamh a dhéanamh ar dhéagóirí i 2122. Cad a cheapfaidis faoin gcaoi a mhaireann déagóirí sa lá atá inniu ann?
Iarr ar do dhaltaí teachtaireacht (300 focal ar a mhéad) a chruthú le fágáil sa taisceadán do dhéagóir 2122.

Iarr orthu:
- Cur síos gairid a chur san áireamh faoi na hinstitiúidí lena mbaineann siad - scoil, clubanna spóirt 7rl.
- Aibhsigh cá bhfuil cumhacht agus tionchar acu.
- Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil siad nasctha le héiceachórais agus daoine éagsúla go háitiúil agus go hidirnáisiúnta agus ag brath orthu.
- Pléigh a bhfuil i gceist le bheith i do dhuine daonna agus maireachtáil i bpobal ina bh-fuil cearta agus freagrachtaí agat i ndomhan an lae inniu.
- Sonraigh a mianta agus a ndóchas d'Éirinn sa todhchaí.